**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000006/2020**
**ar an gComhairle**
Riail 136
**Evelyn Regner**
thar ceann an Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

Ábhar: Tosaíochtaí AE don 64ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan

Idir an 16 agus an 18 Márta 2020, freastalóidh toscaireacht ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne sa Pharlaimint ar an 64ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan (CSW64 NA). Díreoidh CSW64 na Náisiún Aontaithe ar athbhreithniú agus breithmheas a dhéanamh ar chur chun feidhme Dhearbhú agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (BPfA), ar thorthaí an 23ú seisiún speisialta den Chomhthionól Ginearálta, agus ar ghnóthú iomlán Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. Tá na rialtais ag CSW64 na Náisiún Aontaithe ag brath ar Dhearbhú Polaitiúil a ghlacadh chun comóradh a dhéanamh ar BPfA a bheith 25 bliana ar an bhfód. Agus 25 bliana ann ó glacadh BPfA, níl cearta na mban ná an comhionannas inscne bainte amach go hiomlán go fóill. Tá mná san Eoraip agus ar fud an domhain fós thíos leo seo a leanas:

– neamhionannas eacnamaíoch, lena n-áirítear leithscaradh inscne i margaí saothair, mná ó chúlraí bochta gan a bheith rannpháirteach i margadh an tsaothair agus bearnaí pá agus pinsin idir na hinscní;

– foréigean (lena n-áirítear foréigean fisiciúil, mothúchánach, gnéasach, eacnamaíoch agus comhéigneach);

– frithfhreagairt in aghaidh a gceart (lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe) agus steiréitíopaí leanúnacha;

– easpa ionadaíochta sa chinnteoireacht.

Tá gá le tiomantas athnuaite anois, le níos mó uaillmhéine, níos mó cuntasachta agus acmhainní suntasacha.

An féidir leis an gComhairle tuilleadh sonraí a thabhairt faoi na príomhphointí a dhéanfar i ráitis an Aontais Eorpaigh ag CSW64 na Náisiún Aontaithe, agus ar an gcaoi a ndéanfar tosaíochtaí na Parlaiminte a ionchorprú? Conas a áiritheoidh sé go mbeidh cur chuige láidir comhordaithe ag an Aontas agus go mbeidh tiomantas uaillmhianach agus láidir ann don Dearbhú Polaitiúil? Cad iad na bearta sonracha a áireofar leis chun a áirithiú go ndéanfar dul chun cinn nithiúil i dtreo an chomhionannais inscne, i gcomhréir le tosaíochtaí na hUachtaránachta reatha lena n-áirítear mná a chumhachtú sa tsochaí agus i margadh an tsaothair?

Cad iad na bearta a ghlacfaidh sé chun a áirithiú go gcuirfidh AE agus a Bhallstáit dlús lena dtiomantas do BPfA agus Dearbhú Polaitiúil Bhéising + 25 a chur chun feidhme trí spriocanna comhionannais inscne a chomhtháthú i straitéisí agus próisis bheartais ábhartha AE a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear beartais eacnamaíocha agus bhuiséadacha? Go sonrach, cad iad na bearta nua a ghlacfar chun gné na hinscne a phríomhshruthú i ngach ceann de bheartais agus de chláir an Aontais?

Conas a threiseoidh sé a comhar leis an tsochaí shibhialta, go háirithe le heagraíochtaí ban, chun cuspóirí BPfA a bhaint amach agus chun seasamh AE ag CSW64 na Náisiún Aontaithe a ullmhú?

Curtha síos: 22/01/2020

Spriocdháta i gcomhair freagra: 23/04/2020